


A Mhúinteoir Eolaíochta, a chara

Fáilte chuig an chéad R-Nuachtlitir againn i mbliana. Táimid ag súil le tacaíocht a thabhairt duit agus bualadh leat ar líne sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn. Aithnímid an iarracht a rinne múinteoirí teagmháil a dhéanamh linn agus an saol an-difriúil le bliain anuas agus tá súil againn tógáil ar na scileanna digiteacha nua a foghlaimíodh agus muid ag bogadh i dtreo norm nua .

Foireann Eolaíochta

Tháinig roinnt athruithe ar an bhfoireann i rith an tsamhraidh. Ba mhaith linn gach rath a ghuí ar Áine Woods ina ról nua le an SSM agus fáilte a chur roimh Niall Ó Ceallaigh mar Cheannaire Foirne.

Acmhainní Nua




Tar éis an aiseolais uaibh maidir le húsáid “Thinglink” mar ardán chun foghlaim na scoláirí a threorú, d'fhorbair foireann eolaíochta SSM 'Conas Thinglink a úsáid'. Cuirtear é seo i láthair trí chonair do mhúinteoirí agus tá conair do scoláirí ann a fhreagraíonn dó freisin. Cabhraíonn sé leat aonad foghlama a fhorbairt do do scoláirí ar ardán “Thinglink”. Tugann sé sampla freisin de mhodh amháin

chun scoláirí a mhealladh le toradh foghlama comhthéacsúil ina bhfuil Nádúr na hEolaíochta ag cur leis.

Is féidir teacht ar an sampla trí chliceáil ar an nasc ['Thinglink - An bhfuil a ndroch-cháil tuillte ag Miocrorgánaigh?'](#)

Chun teacht ar acmhainní a chabhróidh le múinteoirí dul i ngleic le heolaíocht na Sraithe Sóisearaí, cliceáil ar an nasc chuig an [rannóg acmhainní](#) againn ar shuíomh gréasáin SSM.

Deiseanna FGL amach anseo



Ag tosú ar an **13 Meán Fómhair**, is cúis mhór áthais dúinn a bheith ag bualadh le scoileanna a raibh orthu a ggnuaslá eolaíochta a athsceidealú anuraidh. Tríd an nasc seo is féidir leat teacht ar na hacmhainní go léir ó [chnuaslá 2021](#).

De bharr an éilimh, táimid **ag athláithriú** an ESERO agus SSM, 'Tacú le Teagasc agus Foghlaim faoin Domhan & Spás' ó mhí na Samhna 2020. Beidh "malairt FGL" againn. I gcomhpháirtíocht le ESERO Ireland, is cúis áthais dúinn FGL éagsúil a thairiscint. Ar chláirú daoibh, seolfaimid pacáiste ábhar agus acmhainní seomra ranga chugaibh chun dul i ngleic leo roimh an eispéireas ar líne. Buailfidh sibh le múinteoirí eile ansin ar líne le haghaidh plé beo ar bhur gcuid foghlama agus ar bhur gcuid tuairimí (**21 Meán Fómhair @7.00 i.n.**). Cliceáil ar an nasc le haghaidh [clárúcháin](#) agus tuilleadh sonraí.



Dé **Sathairn 2ú Deireadh Fómhair**, is cúis mhór áthais do Eolaíocht SSM dul i gcomhpháirtíocht le ESERO Ireland agus le Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe ITC chun an 4ú heagrán de Chomhdháil Oideachais Spáis ESERO Éireann a chur i láthair mar imeacht beo ar líne.

Agus í á reáchtáil mar chuid de [Sheachtain an Spáis \(4ú – 10ú Deireadh Fómhair\)](#), le tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tá sé mar aidhm ag an gcomhdháil seo cabhrú le teagasc agus foghlaim ar shnáithe Domhan agus Spás na Sraithe Sóisearaí le cuir chuige spreagúla agus phraiticiúla i leith teagaisc na heolaíochta. Tuilleadh sonraí le teacht.

[Nascadh linn](#)

Nascadh le hEolaíocht SSM

- B'fhéidir gur mhaith leat muid a leanúint ar twitter - [@JctScience](#)
- Fanfaidh muid i dteagmháil freisin trí ríomhphost leo siúd atá ar ár liosta [seoltaí](#)
- Seiceáil isteach le [rannán Nuachta](#) ár láithreáin ghréasáin
- Déan teagmháil linn trí [ríomhphost](#) le ceisteanna nó moltaí

Gach rath ar bliain spreagúil amach romhaibh agus sibh ag plé le h Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí.

Le dea-mhéin

Foireann Eolaíochta SSM